



An Bhéaltriail

Sampla 4

Leaving Cert Irish Oral Notes



Sampla 4 – Niamh Ní Ghairbheith

Mé féin, mo mhuintir agus m'áit chónaithe:

- Niamh Ní Ghairbheith is ainm dom.
- Tá mé ocht mbliana déag d'aois.
- Tá ceathrar againn sa mbaile.
- Séamas agus Emer is ainm do mo thuismitheoirí.
- Tá deartháir amháin agam. Pól is ainm dó.
- Is dochtúir teaghlaigh í mo mháthair. Oibríonn sí san Ionad Leighis i lár an bhaile. Is breá léi a jab agus oibríonn sí an-chrua.
- Is siúinéir é m'athair agus cé go bhfuil rudaí go dona sa cheird sin faoi láthair faigheann sé obair anseo agus ansiúd i gcónaí.
- Tá muid inár gcónaí i dteach scoite ar imeall bhaile Litir Ceanainn.
- Ní thaitníonn m'áit dhúchais liom ar chor ar bith.
- Sílim go bhfuil an áit róbheag agus go bhfuil aithne ar gach duine ar a chéile. Ní féidir faic a dhéanamh gan daoine a bheith ag cúlchaint fút nó ag scaipeadh ráflaí.
- Cé go bhfuil go leor áiseanna ar an mbaile b'fhearr liom a bheith i mo chónaí sa gcathair mar a mbeadh níos mó siopaí agus saol sóisialta níos fearr.

An Scoil:

- Freastalaím ar an scoil áitiúil.
- Is scoil sách mór í. Tá breis agus cúig chéad dalta ag freastal uirthi. Tá tarrac ar chaoga múinteoir ag obair inti.
- Tagaim ar scoil ar an mbus scoile. Is maith liom é sin mar bíonn deis agam a bheith ag cadráil le mo chairde.
- Ní maith liom an scoil. Tá an iomarca rialacha sa scoil. Tá liosta fada rialacha ann. Tá cuid acu seanfhaiseanta agus seafóideach.
- Tá na múinteoirí an-dian orainn agus tugann siad go leor obair bhaile dúinn. Tá siad dall ar an méid oibre a chaitheann scoláirí Ardteiste a dhéanamh.
- Ní maith liom an éide scoile. Tá dath gránna uainne uirthi agus tá an sciorta rófhada agus míchompordach.
- Déanaim Gaeilge, Béarla, Mata, Gearmáinis, Stair, Eacnamaíocht Bhaile agus Ealaín.
- Is breá liom an Ealaín mar go bhfuil bua na healaíne agam. Is breá liom a bheith ag déanamh ealaíne mar go gcabhraíonn sé liom éalú ó strus an tsaoil agus brú na hardteiste.
- Is fuath liom an Stair. Níl suim dá laghad agam i gcogaí a tharla blianta ó shin. Is ar éigean go bhfuil mé in ann samoineamh ar bhreithlá mo bhuachalla ní áirim dátaí do chogaí a tharla blianta ó shin.
- Ní ghlacaim páirt in imeachtaí eischuraclaim mar nach bhfuil aon spéis agam iontu. Tá an iomarca béime ar chúrsaí spóirt, dar liom. Tá foirne de gach saghas sa scoil, foirne peile, sacair, cishpeile srl. Ba bhreá liomsa dá mbeadh cumann ealaíne nó scannán sa scoil.

An Samhradh seo agus an Samhradh seo caite:

- An Samhradh seo caite bhí post páirtaimseartha agam san ollmhargadh áitiúil.
- Is ollmhargadh cuíosach mór é agus dá bhrí sin bíonn sé anghnóthach. Bhí go leor oibre le déanamh agam.
- Bhí orm earraí agus chur ar na seilfeanna agus cabhrú le custaiméirí nuair a bhí siad i bponc. Bhí mé ar an scipéad airgid ó am go chéile chomh maith.
- Bhí an ghráin agam ar an bpost. Ní raibh aon dúshlán ag baint leis an bpost. D'fhéadfadh aon liúdramán é a dhéanamh.
- Ní raibh an pá thar mholadh beirte agus is minic go mbíodh na custaiméirí mífhoighneach agus drochbhéasach.
- Ba í Féile Cheoil Oxygen buacphointe an tSamhraidh gan aon agó.
- Chuaigh mé ann le mo chairde agus d'fhan muid i bpuball.
- Bhí muid bréan, salach agus fliuch go craiceann, ach ba chuma linn mar bhí ceol den scoth ann agus craic iontach.
- Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an gcúpla lá sin an dá lá déag fad a mhairfidh mé.
- Tá súil agam dul ann arís an Samhradh seo.

Cúrsa/Gairm:

- Tá mé ag tnúth go mór leis an scoil seo, agus agus an baile seo, a fhágáil.
- Motháim teanntaithe agus sáinnithe anseo. Dar liom go bhfuil na daoine anseo cúngaigeanta. Teastaíonn uaim aghaidh a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath mar go bhfuil níos mó cultúr ann.
- Níor theastaigh uaim an idirbhliain a dhéanamh fiú, ionas go mbeinn in ann an scoil a fhágáil bliain níos luaithe. Faraor, níor thug mo thuistí cead dom.
- Táim ag iarraidh cúrsa ealaíne a dhéanamh.
- Bheadh ríméad orm dá bhfaighinn áit sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Tá sé an-deacair áiteanna a ghnothú ansin, áfach. Bíonn ort agallamh a dhéanamh agus cnuasach de do chuid saothar a chur os comhair an Choláiste.
- Bhí spéis agam san ealaín ó bhí mé an-óg agus ní raibh aon ghairm eile i mo cheann riamh.
- Níl a fhios an féidir gairm a thabhairt ar an Ealaín mar tá sé an-deacair do chrústa a thuilleamh aisti.
- Níl spéis agam dul ag múinteoireacht. Ba bhreá dom dá bhféadfainn mo shaothair a dhíol agus maireachtáil ar sin.

Caitheamh Aimsirí:

- Is dócha go bhfuil sé tugtha faoi deara agat ag an bpointe seo go bhfuil mé an-tógtha leis an ealaín agus bím ag déanamh ealaíne aon seans atá agam.
- Is breá liom imeacht chuig dánlanna agus breathnú ar an obair atá ealaíontóirí eile ag déanamh. Is breá liom é nuair a théann saothar ealaíne i bhfeidhm orm.

- Táim ag súil go mór le bheith i mBaile Átha Cliath an bhliain seo chugainn le gur féidir liom cuairt a thabhairt ar dhánlanna agus iarsmalanna na príomhcathrach.
- Is breá liom mo chomhluadar féin agus dá bhrí sin is breá liom dul amach ag siúl nó bheith ag léamh.
- Tá mo sheomra féin agam agus tá sé lán le leabhar. Léim cúpla leabhar in aghaidh na míosa de ghnáth.
- Is breá liom suí ar mo sháimhín só le leabhar agus imeacht isteach i ndomhan eile.
- Taitníonn ficsean/beathaisnéisí/finscéalta/scéinséirí liom.
- Is é/í X an t-údar is fearr liom mar tá a c(h)uid scríbhneoireachta spreagúil/cumasach/éagsúil
- Is é Y an leabhar is fearr liom mar tá sé spéisiúil/difriúil/aisteach
- Ar an drochuair níl an t-am agam an méid céanna léitheoireachta a dhéanamh i mbliana.
- Téim chuig an bpictiúrlann go minic chomh maith. Chonaic mé The King's Speech le déanaí agus mheas mé go raibh sé ar cheann de na scannáin is fearr a chonaic mé riamh.
- An scannán is mó a thaitin liom ná ... mar bhí sé...
- Is é/í Z an t-aisteoir is fearr liom.

Taisteal:

- Nuair a bhí mé san idirbhliain chuaigh muid ar thuras scoile go dtí an bhFrainc. Thaitin sé go mór liom.
- Chuaigh muid go Páras agus d'fhan muid ann ar feadh seachtaine.
- Conaic muid na láithreacha stairiúla ar fad: An Túr Eiffel, An Champs-Élysées agus áit ab fhéarr ar fad acu, An Lourve. Bhí mé faoi dhraíocht.
- Ba fhíoradh brionglóide dom é na saothair ealaíne cáiliúla ar fad a fheiceáil.
- Bhain mé lán mo chuid súl as an Mona Lisa ar feadh leath uaire an chloig.
- An t-aon rud faoin turas nár thaitin liom ná an bia. Chuir sé fonn urlacain orm. Faoi dheireadh n'fhéadfainn rud ar bith a ithe.
- Ba bhreá liom turas a thabhairt ar an Iodáil uair éigin.
- Is tír í atá lán le stair agus le healaín.
- Ba bhreá liom turas a thabhairt ar an Róimh, Venice, Pisa agus Florence. B'fhéidir go rachainn ann ar mhí na meala. Sé sin má bhuailim le fear atá mé sásta a phósadh agus a thabhairt ann!